Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11741/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0216 (NLE)**

**AELE 59**
**FL 27**
**ISL 37**
**N 63**
**MI 760**
**ENER 504**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 389 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE<br>(Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar Líonraí Tarchuir) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 389 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 389 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2026
COM(2026) 389 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar Líonraí Tarchuir)**

## IARSCRÍBHINN

**DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán ón gCoimisiún (AE) Uimh. 312/2014 an 26 Márta 2014 lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar Líonraí Tarchuir[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) De réir Chinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE an 5 Bealtaine 2017[2], tá maolú ag an Íoslainn ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arb é bunús dlí Rialachán (AE) 312/2014 é. Dá bhrí sin níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 312/2014 maidir leis an Íoslainn.

(3) Déantar foráil in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 nach mbeidh feidhm ag an Rialachán maidir le criosanna cothromúcháin sna Ballstáit ag a bhfuil maolú ar bhonn Airteagal 49 de Threoir 2009/73/CE. I gcomhréir le Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de réir mar atá sí ionchorpraithe i gcomhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE an 5 Bealtaine 2017[3], tá feidhm ag maolú den chineál sin maidir le Lichtinstéin. Dá bhrí sin níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 312/2014 maidir le Lichtinstéin.

(4) Níl aon líonra tarchuir gáis nádúrtha san Iorua faoi réir fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005[4]. Dá bhrí sin ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 a ionchorprú i gComhaontú LEE agus a thrasuí sa dlí náisiúnta, ach ba cheart an cur i bhfeidhm a chur ar fionraí go dtí go mbeidh líonra tarchuir gáis oibríochtúil ar bun san Iorua. Nuair a bheidh líonra tarchuir gáis oibríochtúil ar bun, ba cheart don Iorua fógra a thabhairt d' Údarás Faireacháin CSTE dá réir.

(5) Ós rud é gur glacadh Rialachán (AE) 312/2014 ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 715/2009, na téacsanna oiriúnúcháin arna mionsaothrú agus arna nglacadh faoi Chinneadh Uimh. 93/2017 ó Chomhchoiste LEE an 5 Bealtaine 2017[5], lena

1 IO L 91, 27.3.2014, lch. 15.
2 IO L 36, 7.2.2019, lch. 44.
3 IO L 36, 7.2.2019, lch. 44.
4 IO L 211, 14.8.2009, lch. 36.
5 IO L 36, 7.2.2019, lch. 44.

n-ionchorpraítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 i gComhchoiste LEE, tá siad ábhartha i leith chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 312/2014.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 51 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1348/2014 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

'52. **32014 R 0312**: Rialachán ón gCoimisiún (AE) Uimh. 312/2014 an 26 Márta 2014 lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar Líonraí Tarchuir (IO L 91, 27.3.2014, lch. 15).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Féadfaidh an Iorua cur chun feidhme an Rialacháin a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear tús le hoibriú líonra tarchuir gáis ina críoch. Tabharfaidh an Iorua fógra d'Údarás Faireacháin CSTE nuair a bheidh líonra tarchuir gáis ar bun.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an Íoslainn ná le Lichtinstéin.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 ón gCoimisiún san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*

*[…]*

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]